 - 32022 R 1180: Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1180 ón gCoimisiún an 11 Eanáir 2022 (IO L 184, 11.7.2022, lch. 1).
43. 31997 L 0070: Treoir 97/70/CE ón gComhairle an 11 Nollaig 1997 lena mbunaítear córas sábháilteachta comhchuibhithe do shoithí iascaireachta 24 mhéadar ar fad agus níos faide (IO L 34, 9.2.1998, lch. 1), arna leasú le:
- 31999 L 0019: Treoir 1999/19/CE ón gCoimisiún an 18 Márta 1999 (IO L 83, 27.3.1999, lch. 48),
 - 32002 L 0035: Treoir 2002/35/CE ón gCoimisiún an 25 Aibreán 2002 (IO L 112, 27.4.2002, lch. 21),
 - 32002 L 0084: Treoir 2002/84/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Samhain 2002 (IO L 324, 29.11.2002, lch. 53),
 - 32009 R 0219: Rialachán (CE) Uimh. 219/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2009 (IO L 87, 31.3.2009, lch. 109).
44. 32012 R 0530: Rialachán (AE) Uimh. 530/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2012 maidir le ceanglais cabhlach dúbailte nó ceanglais deartha choibhéiseacha a chéimniú isteach ar mhodh luathaithe do thancaeir ola aonchabhlach (IO L 172, 30.6.2012, lch. 3).

45. 32001 L 0096: Treoir 2001/96/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Nollaig 2001 lena mbunaítear ceanglais agus nósanna imeachta comhchuibhithe maidir le luchtú agus díluchtú sábháilte bulc-iompróirí (IO L 13, 16.1.2002, lch. 9), arna leasú le:
- 32002 L 0084: Treoir 2002/84/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Samhain 2002 (IO L 324, 29.11.2002, lch. 53).
46. 32009 L 0018: Treoir 2009/18/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 lena mbunaítear na prionsabail bhunúsacha a rialaíonn imscrúdú ar thionóiscí san earnáil iompair mhuirí agus lena leasaítear Treoir 1999/35/CE ón gComhairle agus Treoir 2002/59/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 131, 28.5.2009, lch. 114).
47. 32011 R 0651: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 651/2011 ón gCoimisiún an 5 Iúil 2011 lena nglactar rialacha nós imeachta an chreata buanchomhair arna bhunú ag na Ballstáit i gcomhar leis an gCoimisiún de bhun Airteagal 10 de Threoir 2009/18/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 177, 6.7.2011, lch. 18).
48. 32011 R 1286: Rialachán (AE) Uimh. 1286/2011 ón gCoimisiún an 9 Nollaig 2011 lena nglactar modheolaíocht chomhchoiteann chun taismigh mhuirí agus teagmhais mhuirí a imscrúdú arna bhforbairt de bhun Airteagal 5(4) de Threoir 2009/18/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 328, 10.12.2011, lch. 36).

49. 32009 L 0020: Treoir 2009/20/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le hárachas úinéirí long ar éilimh mhuirí (IO L 131, 28.5.2009, lch. 128).
50. 32005 L 0035: Treoir 2005/35/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Meán Fómhair 2005 maidir le truailliú ó longa agus pionóis, lena n-áirítear pionóis choiriúla, a thabhairt isteach do chionta an truaillithe (IO L 255, 30.9.2005, lch. 11), arna leasú le:
- 32009 L 0123: Treoir 2009/123/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 (IO L 280, 27.10.2009, lch. 52).
51. 32019 L 0883: Treoir (AE) 2019/883 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le saoráidí glactha calafoirt don seachadadh dramhaíola ó longa, lena leasaítear Treoir 2010/65/AE agus lena n-aisghairtear Treoir 2000/59/CE (IO L 151, 7.6.2019, lch. 116).
52. 32022 R 0089: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/89 ón gCoimisiún an 21 Eanáir 2022 lena leagtar síos rialacha chun Treoir (AE) 2019/883 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chur i bhfeidhm a mhéid a bhaineann leis an modh atá le húsáid chun leorthoilleadh stórála tiomnaithe a ríomh (IO L 15, 24.1.2022, lch. 1).
53. 32022 R 0090: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/90 ón gCoimisiún an 21 Eanáir 2022 lena leagtar síos rialacha chun Treoir (AE) 2019/883 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chur i bhfeidhm a mhéid a bhaineann le heilimintí mionsonraithe shásra um spriocdhírú rioscabhunaithe an Aontais lena roghnaítear na longa a ndéantar cigireacht orthu (IO L 15, 24.1.2022, lch. 7).

54. 32022 R 0091: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/91 ón gCoimisiún an 21 Eanáir 2022 lena sainítear na critéir chun a chinneadh go dtagann méid laghdaithe dramhaíola ó long agus go mbainistíonn sí a cuid dramhaíola ar bhealach inbhuanaithe agus ar bhealach atá fóna ó thaobh an chomhshaoil de i gcomhréir le Treoir (AE) 2019/883 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 15, 24.1.2022, lch. 12).
55. 32022 R 0092: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/92 ón gCoimisiún an 21 Eanáir 2022 lena leagtar síos rialacha chun Treoir (AE) 2019/883 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chur i bhfeidhm a mhéid a bhaineann le modheolaíochtaí sonraí faireacháin agus leis an bhformáid ina dtuairiscítear dramhaíl a iasctar go héighníomhach (IO L 15, 24.1.2022, lch. 16).
56. 32003 R 0782: Rialachán (CE) Uimh. 782/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Aibreán 2003 maidir le toirmeasc ar chomhdhúile orgánastáin ar bord long (IO L 115, 9.5.2003, lch. 1), arna leasú le:
- 32008 R 0536: Rialachán (CE) Uimh. 536/2008 ón gCoimisiún an 13 Meitheamh 2008 (IO L 156, 14.6.2008, lch. 10).
57. 32004 R 0725: Rialachán (CE) Uimh 725/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Márta 2004 maidir le slándáil long agus saoráidí calafoirt a fheabhsú (IO L 129, 29.4.2004, lch. 6), arna leasú le:
- 32009 D 0083: Cinneadh 2009/83/CE ón gCoimisiún an 23 Eanáir 2009 (IO L 29, 31.1.2009, lch. 53),

- 32009 R 0219: Rialachán (CE) Uimh. 219/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2009 (IO L 87, 31.3.2009, lch. 109).
58. 32005 L 0065: Treoir 2005/65/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2005 maidir le slándáil chalafoirt a fheabhsú (IO L 310, 25.11.2005, lch. 28), arna leasú le:
- 32009 R 0219: Rialachán (CE) Uimh. 219/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2009 (IO L 87, 31.3.2009, lch. 109),
 - 32019 R 1243: Rialachán (AE) 2019/1243 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 (IO L 198, 25.7.2019, lch. 241).
59. 32008 R 0324: Rialachán (CE) Uimh. 324/2008 ón gCoimisiún an 09 Aibreán 2008 lena leagtar síos nósanna imeachta athbhreithnithe chun cigireachtaí an Choimisiúin a dhéanamh i réimse na slándála muirí (IO L 98, 10.4.2008, lch. 5), arna leasú le:
- 32016 R 0462: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/462 ón gCoimisiún an 30 Márta 2016 (IO L 80, 31.3.2016, lch. 28).
60. 32002 R 1406: Rialachán (CE) Uimh. 1406/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Meitheamh 2002 lena mbunaítear an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí (IO L 208, 5.8.2002, lch. 1), arna leasú le:
- 32003 R 1644: Rialachán (CE) Uimh. 1644/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Iúil 2003 (IO L 245, 29.9.2003, lch. 10),

- 32004 R 0724: Rialachán (CE) Uimh. 724/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Márta 2004 (IO L 129, 29.4.2004, lch. 1),
 - 32006 R 2038: Rialachán (CE) Uimh. 2038/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 (IO L 394, 30.12.2006, lch. 1),
 - 32013 R 0100: Rialachán (AE) Uimh. 100/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Eanáir 2013 (IO L 39, 9.2.2013, lch. 30),
 - 32016 R 1625: Rialachán (AE) 2016/1625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2016 (IO L 251, 16.9.2016, lch. 77).
61. 32002 R 2099: Rialachán (CE) Uimh. 2099/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Samhain 2002 lena mbunaítear Coiste um Shábháilteacht ar Muir agus um Thruailliú ó Longa a chosc (COSS) agus lena leasaítear na Rialacháin maidir le sábháilteacht mhuirí agus le truailliú ó longa a chosc (IO L 324, 29.11.2002, lch. 1), arna leasú le:
- 32004 R 0415: Rialachán (CE) Uimh. 415/2004 ón gCoimisiún an 05 Márta 2004 (IO L 68, 6.3.2004, lch. 10),
 - 32007 R 0093: Rialachán (CE) Uimh. 93/2007 ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2007 (IO L 22, 31.1.2007, lch. 12),
 - 32016 R 0103: Rialachán (AE) 2016/103 ón gCoimisiún an 27 Eanáir 2016 (IO L 21, 28.1.2016, lch. 67).

62. 32022 L 0993: Treoir (AE) 2022/993 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2022 maidir leis an íosleibhéal oiliúna do mharaithe (IO L 169, 27.6.2022, lch. 45).
63. 32022 D 1973: Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1973 ón gCoimisiún an 11 Deireadh Fómhair 2022 maidir le haitheantas a thabhairt don Ríocht Aontaithe de bhun Threoir (AE) 2022/993 a mhéid a bhaineann leis an gcóras le haghaidh oiliúint agus dheimhniú na maraithe (IO L 270, 18.10.2022, lch. 99).
64. 32011 D 0259: Cinneadh 2011/259/AE ón gCoimisiún an 27 Aibreán 2011 maidir le haitheantas a thabhairt don Túinéis a mhéid a bhaineann le hoideachas, oiliúint agus deimhniú maraithe chun deimhnithe inniúlachta a aithint (IO L 110, 29.4.2011, lch. 34).
65. 32010 D 0361: Cinneadh 2010/361/AE ón gCoimisiún an 28 Meitheamh 2010 maidir le hIosrael a aithint a mhéid a bhaineann le hoideachas, oiliúint agus deimhniú maraithe chun deimhnithe inniúlachta a aithint (IO L 161, 29.6.2010, lch. 9).
66. 32010 D 0363: Cinneadh 2010/363/AE ón gCoimisiún an 28 Meitheamh 2010 maidir le haitheantas a thabhairt don Ailgír a mhéid a bhaineann le hoideachas, oiliúint agus deimhniú maraithe chun deimhnithe inniúlachta a aithint (IO L 163, 30.6.2010, lch. 42).
67. 32011 D 0385: Cinneadh 2011/385/AE ón gCoimisiún an 28 Meitheamh 2011 maidir le hEacuadór a aithint de bhun Threoir 2008/106/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na córais chun maraithe a oiliúint agus a dheimhniú (IO L 170, 30.6.2011, lch. 38).

68. 32010 D 0704: Cinneadh 2010/704/AE ón gCoimisiún an 22 Samhain 2010 maidir le haitheantas a thabhairt do Shrí Lanca a mhéid a bhaineann le hoideachas, oiliúint agus deimhniú maraithe chun deimhnithe inniúlachta a aithint (IO L 306, 23.11.2010, lch. 77).
69. 32010 D 0705: Cinneadh 2010/705/AE ón gCoimisiún an 22 Samhain 2010 maidir le haitheantas na Seoirsia a tharraingt siar a mhéid a bhaineann le hoideachas, oiliúint agus deimhniú maraithe chun deimhnithe inniúlachta a aithint (IO L 306, 23.11.2010, lch. 78).
70. 52002 XC 0629(02): Liosta de dheimhnithe iomchuí a aithnítear faoin nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 18, mír 3 de Threoir 2001/25/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an íosleibhéal oiliúna do mharaithe (An staid an 22 Bealtaine 2002) (IO C 155, 29.6.2002, lch. 11).
71. 52003 XC 1107(01): Liosta de dheimhnithe iomchuí a aithnítear faoin nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 18, mír 3 de Threoir 2001/25/CE maidir leis an íosleibhéal oiliúna do mharaithe (An staid an 17 Feabhra 2003) (IO C 268, 7.11.2003, lch. 7).
72. 52005XC0407(01): Liosta de dheimhnithe iomchuí a aithnítear faoin nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 18(3) de Threoir 2001/25/CE maidir leis an íosleibhéal oiliúna do mharaithe (An staid an 31 Nollaig 2004) (IO C 85, 7.4.2005, lch. 8).

73. 32013 L 0054: Treoir 2013/54/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Samhain 2013 maidir le freagrachtaí áirithe na Stát brataí maidir le comhlíonadh agus forfheidhmiú an Choinbhinsiúin Oibreachais Mhuirí, 2006 (IO L 329, 10.12.2013, lch. 1).
74. 31999 L 0063: Treoir 1999/63/CE ón gComhairle an 21 Meitheamh 1999 maidir leis an gComhaontú ar eagrú ama oibre maraithe arna tabhairt i gcrích ag Comhlachas Úinéirí Long an Chomhphobail Eorpaigh (ECSA) agus Cónaidhm Cheardchumainn na nOibrithe Iompair san Aontas Eorpach (FST) (IO L 167, 2.7.1999, lch. 33), a leasaíodh le:
- 32009 L 0013: Treoir 2009/13/CE ón gComhairle an 16 Feabhra 2009 (IO L 124, 20.5.2009, lch. 30).
75. 31999 L 0095: Treoir 1999/95/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 1999 maidir le forfheidhmiú forálacha i leith uaireanta oibre maraithe ar bord long atá ag stadadh ag calafoirt an Chomhphobail (IO L 14, 20.1.2000, lch. 29).

CAIBIDIL 6

BEARTA GINEARÁLTA

1. 32012 D 0286: Cinneadh 2012/286/AE ón gCoimisiún an 31 Bealtaine 2012 maidir le Grúpa Saineolaithe um Shlándaíl Iompair de Thalamh a chruthú (IO L 142, 1.6.2012, lch. 47).
2. 32009 D 0357: Cinneadh Uimh 357/2009/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Aibreán 2009 maidir le nós imeachta um réamhscrúdú agus réamhchomhairliúchán i ndáil le dlíthe, rialacháin agus forálacha riaracháin áirithe a bhaineann le hiompar a mholtar i mBallstáit (IO L 109, 30.4.2009, lch. 37).
3. 32000 L 0084: Treoir 2000/84/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Eanáir 2001 maidir le socrúithe ama samhraidh (IO L 31, 2.2.2001, lch. 21).
4. 32007 R 1370: Rialachán (CE) Uimh. 1370/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2007 maidir le seirbhísí poiblí iompair do phaisinéirí d'iarnród agus de bhóthar agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 1191/69 agus Rialachán (CEE) Uimh. 1107/70 ón gComhairle (IO L 315, 3.12.2007, lch. 1), arna leasú le:
 - 32016 R 2338: Rialachán (AE) 2016/2338 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2016 (IO L 354, 23.12.2016, lch. 22).

5. 31960 R 0011: Rialachán Uimh. 11 maidir le díothú idirdhealaithe i rátaí agus i gcoinníollacha iompair, i gcur chun feidhme Airteagal 79(3) den Chonradh ag bunú Chomhphobal Eacnamaíochta na hEorpa (IO 52, 16.8.1960, lch. 1121) a leasaíodh le:

– 31984 R 3626: Rialachán (CE) Uimh. 3626/84 ón gComhairle an 19 Nollaig 1984 (IO L 335, 22.12.1984, lch. 4),

– 32008 R 0569: Rialachán (CE) Uimh 569/2008 ón gComhairle an 12 Meitheamh 2008 (IO L 161, 20.6.2008, lch. 1).

Chun críocha an Chomhaontaithe seo, léifear forálacha Rialachán Uimh. 11 in éineacht leis an oiriúnú seo a leanas:

Déanfar Airteagal 11 go hAirteagal 26 de Rialachán Uimh. 11 a chur i bhfeidhm i gcomhréir le Creat-Phrótacal 4.

CAIBIDIL 7

CEARTA PAISINÉIRÍ

1. 32010 R 1177: Rialachán (AE) Uimh. 1177/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 maidir le cearta paisinéirí agus iad ag taisteal ar muir agus ar uiscebhealaí intíre agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 (IO L 334, 17.12.2010, lch. 1).

Léifear forálacha Rialachán (AE) Uimh. 1177/2010, chun críocha an Chomhaontaithe seo, leis an oiriúnú seo a leanas:

Beidh feidhm ag Airteagal 4 de Chreat-Phrótacal 1. Le linn na tréimhse fionraíochta dá dtagraítear in Airteagal 4(2) de Chreat-Phrótacal 1:

- (a) ní bheidh baint ag Andóra le haon ghníomhaíocht a bhaineann le loingseoireacht intíre, lena n-áirítear clár a bhunú de shoithí uiscebhealaí intíre nó de chuideachtaí chun criú a fhostú le haghaidh iompar ar uiscebhealaí intíre laistigh dá chríoch.
- (b) ní dheonóidh Andóra a náisiúntacht do longa a thagann faoi raon feidhme Rialachán (AE) Uimh. 1177/2010.

2. 32009 R 0392: Rialachán (CE) Uimh. 392/2009 Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009 maidir le dliteanas iompróirí paisinéirí de mhuir i gcás tionóiscí (IO L 131, 28.5.2009, lch. 24).

Léifear forálacha Rialachán (CE) Uimh. 392/2009, chun críocha an Chomhaontaithe seo, leis an oiriúnú seo a leanas:

Beidh feidhm ag Airteagal 4 de Chreat-Phrótacal 1. Le linn na tréimhse fionraíochta dá dtagraítear in Airteagal 4(2) de Chreat-Phrótacal 1:

- (a) ní bheidh baint ag Andóra le haon ghníomhaíocht a bhaineann le loingseoireacht intíre, lena n-áirítear clár a bhunú de shoithí uiscebhealaí intíre nó de chuideachtaí chun criú a fhostú le haghaidh iompar ar uiscebhealaí intíre laistigh dá chríoch;
 - (b) ní dheonóidh Andóra a náisiúntacht do longa a thagann faoi raon feidhme Rialachán (CE) Uimh. 392/2009.
3. 32021 R 0782: Rialachán (AE) 2021/782 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2021 maidir le cearta agus oibleagáidí paisinéirí iarnróidss (athmhúnlú) (IO L 172, 17.5.2021, lch. 1).
 4. 32011 R 0181: Rialachán (AE) Uimh. 181/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 maidir le cearta paisinéirí in iompar de bhus agus de chóiste agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 (IO L 55, 28.2.2011, lch. 1).
 5. 32009 L 0103: Treoir 2009/103/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 maidir le hárachas i gcoinne dliteanas sibhialta i ndáil le húsáid mótarfheithiclí, agus le forfheidhmiú na hoibleagáide chun árachú i gcoinne an dliteanais sin (IO L 263, 7.10.2009, lch. 11).

CAIBIDIL 8

GRÉASÁIN THRAS-EORPACHA

1. 32013 R 1315: Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir le treoirlínte an Aontais chun an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 661/2010/AE (IO L 348, 20.12.2013, lch. 1), arna leasú le:
 - 32014 R 0473: Rialachán Tarmligthe (AE) 473/2014 ón gCoimisiún an 17 Eanáir 2014 (IO L 136, 9.5.2014, lch. 10),
 - 32016 R 0758: Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/758 ón gCoimisiún an 4 Feabhra 2016 (IO L 126, 14.5.2016, lch. 3),
 - 32017 R 0849: Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/849 ón gCoimisiún an 7 Nollaig 2016 (IO L 128I, 19.5.2017, lch. 1),
 - 32019 R 0254: Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/254 ón gCoimisiún an 9 Samhain 2018 (IO L 43, 14.2.2019, lch. 1),
 - 32023 R 1176: Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/1176 ón gCoimisiún an 14 Iúil 2022 (IO L 156, 19.6.2023, lch. 1).

Léifear forálacha Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013, chun críocha an Chomhaontaithe seo, leis an oiriúnú seo a leanas:

Beidh feidhm ag Airteagal 4 de Chreat-Phrótacal 1.

2. 32017 R 0006: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/6 ón gCoimisiún an 5 Eanáir 2017 maidir le plean imscartha an Chórais Eorpaigh um Bainistiú Tráchtá Iarnróid (IO L 3, 6.1.2017, lch. 6).

CAIBIDIL 9

EILE

1. 32021 D 0173: Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/173 ón gCoimisiún an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an Gníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol, an Gníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an tSláinte agus an Digitíú, an Gníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Thaighde, Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí agus na bhFiontar Beag agus Meánmhéide, Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Eorpaí um Thaighde, agus an Gníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Oideachas agus Cultúr agus lena n-aisghairtear Cinntí Cur Chun Feidhme 2013/801/AE, 2013/771/AE, 2013/778/AE, 2013/779/AE, 2013/776/AE agus 2013/770/AE (IO L 50, 15.2.2021, lch. 9).

GNÍOMHARTHA A THABHARFAIDH NA PÁIRTITHE COMHLACHAITHE DÁ nAIRE

1. 32001 H 0115: Moladh 2001/115/CE ón gCoimisiún an 17 Eanáir 2001 maidir leis an uaschion alcóil san fhuil atá ceadaithe do thiománaithe mótarfheithiclí (IO L 43, 14.2.2001, lch. 31).
2. 32004 H 0345: Moladh 2004/345/CE ón gCoimisiún an 6 Aibreán 2004 maidir le forfheidhmiú i réimse na sábháilteachta ar bhóithre (IO L 111, 17.4.2004, lch. 75).
3. 32009 H 0060: Moladh ón gCoimisiún an 23 Eanáir 2009 maidir le treoirlínte do dheachleachtas forfheidhmiúcháin i ndáil le seiceálacha ar threalamh taifeadta atá le déanamh ag seiceálacha cois bóthair agus ag ceardlanna údaraithe (IO L 21, 24.1.2009, lch. 87).

4. 32010 H 0019: Moladh 2010/19/AE ón gCoimisiún an 13 Eanáir 2010 maidir le sonraí leictreonacha a mhalartú idir na Ballstáit ar bhealach slán chun uathúlacht chártaí tiománaí a eisíonn siad a sheiceáil (IO L 9, 14.1.2010, lch. 10).
5. 32010 H 0378: Moladh 2010/378/AE ón gCoimisiún an 5 Iúil 2010 maidir le measúnú a dhéanamh ar lochtanna le linn tástála ródacmhainneachta i gcomhréir le Treoir 2009/40/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tástálacha ródacmhainneachta do mhótarfheithiclí agus dá leantóirí (IO L 173, 8.7.2010, lch. 74).
6. 32010 H 0379: Moladh 2010/379/AE ón gCoimisiún an 5 Iúil 2010 maidir leis an measúnú riosca ar easnaimh a braitheadh le linn iniúchtaí teicniúla cois bóthair (ar fheithiclí tráchtála) i gcomhréir le Treoir 2000/30/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 173, 8.7.2010, lch. 97).
7. 32011 H 0750: Moladh 2011/750/AE ón gCoimisiún an 8 Meán Fómhair 2011 maidir le tacaíocht do sheirbhís eCall ar fud an Aontais i líonraí cumarsáide leictreonaí chun glaonna éigeandála infheithicle atá bunaithe ar 112 ('eCalls') a tharchur (IO L 303, 22.11.2011, lch. 46).
8. 32023 H 0688: Moladh (AE) 2023/688 ón gCoimisiún an 20 Márta 2023 maidir le líon cáithníní a thomhas le haghaidh cigireacht theicniúil thréimhsiúil ar fheithiclí atá feistithe le hinnill adhainte comhbhrú (IO L 90, 28.3.2023, lch. 46).
9. 32010 H 0159: Moladh ón gCoimisiún an 11 Márta 2010 maidir le bearta le haghaidh féinchosanta agus chun píoráideacht agus robáil armtha i gcoinne long a chosc (IO L 67, 17.3.2010, lch. 13).

10. 32011 H 0766: Moladh ón gCoimisiún an 22 Samhain 2011 maidir leis an nós imeachta chun aitheantas a thabhairt d'ionaid oiliúna agus do scrúdaitheoirí tiománaithe traenach i gcomhréir le Treoir 2007/59/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 314, 29.11.2011, lch. 41).
11. 32004 H 0358: Moladh ón gCoimisiún an 7 Aibreán 2004 maidir le formáid choiteann Eorpach a úsáid le haghaidh doiciméid cheadúnais arna n-eisiúint i gcomhréir le Treoir 95/18/CE ón gComhairle maidir le ceadúnú gnóthas iarnróid (IO L 113, 20.4.2004, lch. 37).
12. 32019 H 0780: Moladh (AE) 2019/780 ón gCoimisiún an 16 Bealtaine 2019 maidir le socruithe praiticiúla chun údaruithe sábháilteachta a eisiúint do bhainisteoirí bonneagair (IO L 139 I, 27.5.2019, lch. 390).

IARSCRÍBHINN 1

IOMPAR EARRAÍ DE BHÓTHAR

Foscúibhinn 1

Samhail den teastas inniúlachta gairmiúla atá coibhéiseach le samhail an Aontais Eorpaigh ⁽¹⁾

ANDÓRA

(Dath Pantoin osbhuí 467, formáid DIN A4 páipéar ceallalóis 100 g/m² nó níos mó)

(Téacs i dteanga oifigiúil Andóra)

(AD) Andóra Ainm an údaráis údaraithe nó an chomhlachta údaraithe ⁽²⁾

DEIMHNIÚ AR CHÚITEAMH GAIRMIÚIL IN IOMPAR LASTAIS/PAISINÉAR ⁽³⁾

Uimh.

Deimhnímid leis seo ⁽⁴⁾

a rugadh an i

gur éirigh leis sna tástálacha don scrúdú (bliain:; seisiún:)⁽⁵⁾ is gá d'fhonn deimhniú inniúlachta gairmiúla a fháil i dtaca le tarlú de bhóthar/iompar paisinéir ⁽³⁾ i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh 1071/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena mbunaítear rialacha comhchoiteanna maidir leis na coinníollacha a bheidh le comhlíonadh chun gairm an oibreora iompair de bhóthar a chleachtadh arna oiriúnú chun críocha an Chomhaontaithe lena mbunaítear comhlachas idir an tAontas Eorpach agus Prionsacht Andóra agus Poblacht San Mairíne faoi seach.

Is leor an deimhniú seo mar chruthúnas ar an inniúlacht ghairmiúil dá dtagraítear in Airteagal 21 de Rialachán (CE) Uimh 1071/2009.

Arna eisiúint an ⁽⁷⁶⁷⁾

¹ Ar bhonn an Chomhaontaithe lena mbunaítear comhlachas idir an tAontas Eorpach agus Prionsacht Andóra agus Poblacht San Mairíne faoi seach.
² Údarás nó comhlacht arna ainmniú roimh ré chun na críche sin ag gach Ballstát den Chomhphobal Eorpach nó ag Andóra chun an deimhniú ar inniúlacht ghairmiúil seo a eisiúint.
³ Scrios de réir mar is iomchuí.
⁴ Sloinne agus céadainm; áit bhreithe agus dáta breithe
⁵ Sainaithint an scrúdaithe.
⁶ IO AE L 300, 14.11.2009, lch. 51.
⁷ Séala agus siníú an údaráis údaraithe nó an comhlacht atá ag eisiúint an cheadúnais

Samhail atá coibhéiseach le samhail cheadúnais an Aontais Eorpaigh

ANDÓRA ⁽¹⁾

(a)

(Dath Pantoin bánghorm 290, nó chomh gar agus is féidir don dath seo, formáid DIN A4; páipéar ceallalóis, 100g/m² nó níos mó)

(An chéad leathanach den cheadúnas)

(Téacs i dteanga oifigiúil Andóra)

(AD) Andóra

Ainm an údaráis inniúil nó an chomhlachta inniúil
--

CEADÚNAS Uimh ...

(nó)

CÓIP DHÍLIS DHEIMHNITHE Uimh. ...

le haghaidh iompar idirnáisiúnta earraí de bhóthar ar fruiliú nó ar luaíocht

Leis an gceadúnas seo tugtar teideal do ⁽²⁾

gabháil d'iompar idirnáisiúnta earraí de bhóthar ar fruiliú nó ar luaíocht de bhealach ar bith, le haghaidh turas nó le haghaidh codanna de thurais a dhéantar ar fruiliú nó ar luaíocht laistigh de chríoch anAontais Eorpaigh agus Andóra, mar a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh 1072/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le rialacha comhoiteanna le haghaidh rochtana ar an margadh idirnáisiúnta tarlathé de bhóthar³, arna oiriúnú chun críocha an Chomhaontaithe lena mbunaitear comhlachas idir an tAontas Eorpach agus Prionsacht Andóra agus Poblacht San Mairíne faoi seach, agus i gcomhréir le forálacha ginearálta an cheadúnais seo.

Ní thugann an cheadúnas seo aon cheart d'Andóra ná do Bhallstáit an Aontais oibríochtaí cabatáiste a dhéanamh dá dtagraítear in Airteagail 8, 9 agus 10 de Rialachán (CE) Uimh. 1072/2009, arna n-oiriúnú chun críocha an Chomhaontaithe sin.

Nótaí ar leith:	
.....	
Tá an cheadúnas seo bailí ó	go dtí.....
Arna eisiúint in,	an
..... ⁽⁴⁾	

¹ Beidh feidhm ag an tsamhail seo maidir le hAndóra tar éis 2 bhliain ó dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe lena mbunaitear comhlachas idir an tAontas Eorpach agus Prionsacht Andóra agus Poblacht San Mairíne faoi seach. Ní cheadóidh sé d'iompróirí ó Andóra oibríochtaí cabatáiste a dhéanamh faoi Rialachán (CE) Uimh 1072/2009, arna oiriúnú chun críocha an Chomhaontaithe.

² Ainm nó ainm gnó agus seoladh iomlán an tarlóra.

³ IO AE L 300, 14.11.2009, lch. 72.

⁴ Síniú agus séala an údaráis eisiúna inniúil nó an chomhlachta eisiúna inniúil.

(b)

(An dara leathanach den cheadúnas)

(Téacs i dteanga oifigiúil Andóra)

FORÁLACHA GINEARÁLTA

Eisítear an cheadúnas seo faoi Rialachán (CE) Uimh 1072/2009, arna oiriúnú chun críocha an Chomhaontaitheleona mbunaítear comhlachas idir an tAontas Eorpach agus Prionsacht Andóra agus Poblacht San Mairíne faoi seach .

Tugann sé an ceart don sealbhóir gabháil d’iompar idirnáisiúnta earraí de bhóthar ar fruiliú nó ar luaíocht de bhealach ar bith, le haghaidh turas nó le haghaidh codanna de thurais a dhéantar laistigh de chríoch an Aontais Eorpaigh agus Andóra, agus i gcás inarb iomchuí, faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos anseo:

- i gcás ina bhfuil an pointe tosaigh agus an ceann scribe suite in dhá Bhallstát éagsúla ar Ballstáit den Aontas iad nó in Andóra, le hidirthuras nó gan idirthuras trí Bhallstát amháin nó níos mó den Aontas nó trí Andóra nó trí thríú tír amháin nó níos mó,
 - ó Bhallstát den Aontais nó Andóra chuig tríú tír nó vice versa, le hidirthuras nó gan idirthuras trí cheann nó níos mó de Bhallstáit an Aontais nó Andóra nó trí thríú tíortha,
 - idir tríú tíortha le hidirthuras trí chríoch Bhallstát amháin den Aontas nó níos mó nó trí Andóra,
- agus turais neamhualaithe i ndáil le hiompar dá leithéid.

I gcás iompair ó Bhallstát den Aontas nó ó Andóra chuig tríú tír nó a mhalairt, beidh an cheadúnas seo bailí don chuid sin den turas a dhéantar sa Bhallstát ina ndéantar luchtú nó díluchtú nó in Andóra.

Is cheadúnas pearsanta an tsealbhóra é agus níl sé inaistrithe.

Féadfaidh údarás inniúil Andóra a d’eisigh é an cheadúnas a tharraingt siar go háirithe sna cásanna seo a leanas:

- murar chomhlíon an sealbhóir leis na coinníollacha a bhaineann le húsáid an cheadúnais,
- má thug an sealbhóir faisnéis mhícheart maidir leis na sonraí a theastaíonn le haghaidh eisiúint an cheadúnais nó chun síneadh a chur leis.

Ní mór don ghnóthas tarlaithe bunchóip an cheadúnais a choimeád.

Ní mór cóip dheimhnithe den cheadúnas a choimeád san fheithicil⁽⁵⁾. I gcás cónasc feithiclí cúpláilte ní mór go mbeidh sé ag gabháil leis an mótarfeithicil. Cumhdaíonn sé an cónasc feithiclí cúpláilte fiú mura bhfuil an leantóir nó an leathleantóir cláraithe ná údaraithe chun na bóithre a úsáid in ainm shealbhóir an cheadúnais nó má tá sé cláraithe nó údaraithe chun na bóithre i Stát eile a úsáid.

Ní mór an cheadúnas a thabhairt ar aird ar iarratas ó aon oifigeach cigireachta a bheidh údaraithe chuige sin.

Laistigh de chríoch gach Ballstát den Aontas agus Andóra ní mór don sealbhóir cloí leis na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin atá i bhfeidhm sa Stát sin, go háirithe maidir le hiompar agus le trácht.

Ní thugann an cheadúnas seo aon cheart d’Andóra ná do Bhallstáit an Aontais oibríochtaí cabatáiste a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagail 8 go 10 de Rialachán (CE) Uimh. 1072/2009, arna oiriúnú chun críocha an Chomhaontaitheleona mbunaítear comhlachas idir an tAontas Eorpach agus Prionsacht Andóra agus Poblacht San Mairíne faoi seach.

⁵ Ciallaíonn ‘feithicil’ mótarfeithicil atá cláraithe in Andóra ná ó Bhallstáit an Aontais nó cónasc feithiclí cúpláilte dá bhfuil an mhótarfeithicil féin ar a laghad cláraithe in Andóra, agus a mbaintear úsáid aisti go heisiach le haghaidh iompar earraí.

Samhail d'fhianuithe tiománaithe atá coibhéiseach le Samhail an Aontais Eorpaigh

ANDÓRA

(a)

(Dath Pantoin bándearg 182, nó chomh gar agus is féidir don dath seo, formáid DIN A4; páipéar ceallalóis, 100g/m² nó níos mó)

(An chéad leathanach den fhianú)

(Téacs i dteanga oifigiúil Andóra atá ag eisiúint an fhianaithe)

(AD)Andóra

Ainm an údaráis inniúil nó an chomhlachta inniúil
--

Uimh FHIANÚ AN TIOMÁNAÍ.....

chun earraí a iompar de bhóthar ar fruiliú nó ar luaíocht faoin gceadúnas atá coibhéiseach lesamhail an Aontais Eorpaigh arna eisiúint ag Andóra

(Rialachán (CE) Uimh 1072/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le rialacha comhchoiteanna le haghaidh rochtana ar an margadh idirnáisiúnta tarlaithe de bhóthar, arna oiriúnu chun críocha an Chomhaontaithe lena mbunaítear comhlachas idir an tAontas Eorpach agus Prionsacht Andóra agus Poblacht San Mairíne faoi seach)

Deimhnítear leis an bhfianú seo, ar bhonn na ndoiciméad arna dtíolacadh ag:

.....
.....⁽¹⁾

an tiománaí seo a leanas:

Ainm agus céadainm	
Dáta breithe agus áit bhreithe	Náisiúntacht
Cineál agus uimhir thagartha an pháipéir aitheantais	
Dáta eisiúna	Áit eisiúna
Uimhir an cheadúnais tiomána	
Dáta eisiúna	Áit eisiúna
Uimhir slándála sóisialaí	

atá fostaithe, i gcomhréir leis na dlíthe, leis na rialacháin nó leis na forálacha riaracháin agus, de réir mar is iomchuí, i gcomhréir leis na comhaontuithe comhchoiteanna, i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme in Andóra, maidir leis na coinníollacha fostaíochta agus oiliúna gairmiúla tiománaithe atá infheidhme in Andóra chun oibríochtaí iompair de bhóthar a chur i gcrích in Andóra.

Nótaí ar leith

Tá an fianú seo bailí ó	go dtí
Arna eisiúint in	an
..... ⁽²⁾	

¹ Ainm nó ainm gnó agus seoladh iomlán an tarlóra.

² Síniú agus séala an údaráis eisiúna inniúil nó an chomhlachta eisiúna inniúil.

(b)

(An dara leathanach den fhianú)

(Téacs i dteanga oifigiúil Andóra)

FORÁLACHA GINEARÁLTA

Eisítear an fianú seo faoi Rialachán (CE) Uimh 1072/2009, arna oiriúnú chun críocha an Chomhaontaithe lena mbunaítear comhlachas idir an tAontas Eorpach agus Prionsacht Andóra agus Poblacht San Mairíne faoi seach.

Deimhnítear leis go bhfuil an tiománaí a ainmnítear air fostaithe, i gcomhréir leis na dlíthe, leis na rialacháin nó leis na forálacha riaracháin agus, de réir mar is iomchuí, i gcomhréir leis na comhaontuithe comhchoiteanna, i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme in Andóra a luaitear ar an bhfianú, maidir leis na coinníollacha fostaíochta agus oiliúna gairmiúla tiománaithe atá infheidhme in Andóra chun oibríochtaí de bhóthar a chur i gcrích in Andóra:

Beidh an fianú faoi úinéireacht an tarlóra, a chuirfidh ar fáil é don tiománaí a ainmnítear air nuair a thiomáineann an tiománaí sin feithicil ⁽³⁾ a bhíonn i mbun iompair ag úsáid ceadúnas an Aontais Eorpaigh nó ceadúnas coibhéiseach arna eisiúint ag Andóra chuig an tarlóir sin. Níl fianú an tiománaí inaistrithe. Ní bheidh fianú tiománaí bailí ach fad a bheidh na coinníollacha faoinar eisiódh é fós á gcomhlíonadh agus ní mór don tarlóir é a thabhairt ar ais láithreach do na húdaráis eisiúna mura bhfuil na coinníollacha sin á gcomhlíonadh a thuilleadh.

Féadfaidh údaráis inniúil Andóra a d'eisigh é an ceadúnas a tharraingt siar go háirithe sna cásanna seo a leanas:

- murar chomhlíon an sealbhóir leis na coinníollacha a bhaineann le húsáid an fhianaithe,
- má thug an sealbhóir faisnéis mhícheart maidir leis na sonraí a theastaíonn le haghaidh eisiúint an fhianaithe nó chun síneadh a chur leis.

Ní mór don ghnóthas tarlaithe fíorchóip dheimhnithe den fhianú a choinneáil.

Ní mór bunchóip an fhianaithe a choinneáil san fheithicil agus ní mór don tiománaí é a thabhairt ar aird ar iarratas ó aon oifigeach cigireachta údaráithe.

³ Ciallaíonn ‘feithicil’ mótarfeithicil atá cláraithe in Andóra nó cónasc feithicilí cúpláilte dá bhfuil an mhótarfeithicil féin ar a laghad cláraithe in Andóra, agus a mbaintear úsáid aisti go heisiach le haghaidh iompar earraí.

IARSCRÍBHINN 2

IOMPAR PAISINÉIRÍ DE BHÓTHAR

Foscúibhinn 1

Samhail atá coibhéiseach le samhail cheadúnais an Aontais Eorpaigh

ANDÓRA

(a)

(AD) Andóra

(Dath Pantoin bánghorm 290, nó chomh gar agus is féidir don dath seo, formáid DIN A4; páipéar ceallalóis, 100g/m² nó níos mó)

(An chéad leathanach den cheadúnas)

(Téacs i dteanga oifigiúil Andóra)

Ainm an údaráis inniúil nó an chomhlachta inniúil
--

CEADÚNAS Uimh ...

(nó)

CÓIP DHÍLIS DHEIMHNITHE Uimh.

le haghaidh iompar idirnáisiúnta paisinéirí de chóiste nó de bhus ar fruilíú nó ar luaíocht

Tá sealbhóir an cheadúnais seo ⁽⁴⁾

údaraithe chun iompar idirnáisiúnta paisinéirí de bhóthar a chur i gcrích ar fruilíú nó ar luaíocht ar chríoch an Aontais Eorpaigh, agus Andóra, de bhun na gcoinníollacha a leagtar síos le Rialachán (CE) Uimh 1073/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le rialacha comhchoiteanna le haghaidh rochtana ar an margadh idirnáisiúnta do sheirbhísí cóiste agus bus, arna oiriúnú chun críocha an Chomhaontaithe lena mbunaítear comhlachas idir an tAontas Eorpach agus Prionsacht Andóra agus Poblacht San Mairíne faoi seach, agus i gcomhréir le forálacha ginearálta an cheadúnais seo.

Barúlacha:	
.....	
Tá an cheadúnas seo bailí ó	go dtí.....
Arna eisiúint in,	an
..... ⁽⁵⁾	

⁴ Ainm iomlán nó ainm gnó agus seoladh iomlán an iompróra.

⁵ Síniú agus séala an údaráis inniúil nó an chomhlachta inniúil atá ag eisiúint an cheadúnais.

(b)

(An dara leathanach den cheadúnas)

(Téacs i dteanga oifigiúil Andóra)

FORÁLACHA GINEARÁLTA

1. Eisítear an cheadúnas de bhun Rialachán (CE) Uimh 1073/2009, arna oiriúnú chun críocha an Chomhaontaithe lena mbunaítear comhlachas idir an tAontas Eorpach agus Prionsacht Andóra agus Poblacht San Mairíne faoi seach
2. Is iad údaráis inniúla Andóra (tír bhunaíochta an iompróra ar fruiliú nó ar luaíocht a eisiúnn an cheadúnas seo):
 - (a) atá údaraithe in Andóra iompar a dhéanamh trí bhithin seirbhísí tráthrialta, lena n-áirítear seirbhísí tráthrialta speisialta, nó seirbhísí ócáideacha de chóiste agus de bhus;
 - (b) má chomhlíonann sé na coinníollacha arna leagan síos i gcomhréir le rialacha an Aontais Eorpaigh, arna n-oiriúnú chun críocha an Chomhaontaithe lena mbunaítear comhlachas idir an tAontas Eorpach agus Prionsacht Andóra agus Poblacht San Mairíne faoi seach, maidir le lígean isteach do ghairm an oibreora iompair paisinéirí de bhóthar in oibríochtaí iompair náisiúnta agus idirnáisiúnta;
 - (c) go gcomhlíonann sé ceanglais dhlíthiúla maidir leis na caighdeáin do thiománaithe agus d'fheithiclí.
3. Leis an gceadúnas seo, ceadáítear iompar idirnáisiúnta paisinéirí de chóiste nó de bhus ar fruiliú nó ar luaíocht ar naisc iompair uile le haghaidh turais a dhéantar i gcríoch an Aontais Eorpaigh agus Andóra:
 - (a) i gcás ina bhfuil an pointe tosaigh agus an ceann scríbe suite in dhá Bhallstát éagsúla ar Ballstáit den Aontas iad nó in Andóra, le hidirthuras nó gan idirthuras trí Bhallstát amháin nó níos mó den Aontas nó trí Andóra nó trí thríú tír amháin nó níos mó;
 - (b) i gcás ina bhfuil an pointe imeachta agus an pointe teachta sa Bhallstát céanna den Aontas Eorpach nó in Andóra, agus go bhfuil bailiú nó scaoileadh amach paisinéirí i mBallstát eile den Aontas Eorpach nó in Andóra nó i dtríú tír;
 - (c) ó Bhallstát den Aontas Eorpach nó ó Andóra chuig tríú tír agus vice versa, le hidirthuras nó gan idirthuras trí Bhallstát amháin nó níos mó den Aontas Eorpach nó trí Andóra nó tríú tír;
 - (d) idir tríú tíortha a thrasnaíonn críoch Ballstáit amháin nó níos mó de Bhallstáit an Aontais nó Andóra agus iad faoi bhealach;

agus turais fholmha i dtaca le hoibríochtaí iompair faoi na coinníollacha a leagtar síos le Rialachán (CE) Uimh 1073/2009, arna n-oiriúnú chun críocha an Chomhaontaithe lena mbunaítear comhlachas idir an tAontas Eorpach agus Prionsacht Andóra agus Poblacht San Mairíne faoi seach.

I gcás oibríocht iompair ó Bhallstát den Aontas nó ó Andóra chuig tríú tír agus a mhalairt, ní bheidh feidhm ag Rialachán (CE) Uimh 1073/2009, arna oiriúnú chun críocha an Chomhaontaithe lena mbunaítear comhlachas idir an tAontas Eorpach agus Prionsacht Andóra agus Poblacht San Mairíne faoi seach don chuid sin den turas a dhéantar i gcrích Ballstát den Aontas nó in Andóra ina ndéantar luchtú nó díluchtú. I gcás oibríocht iompair ó Bhallstát den Aontas nó ó Andóra chuig tríú tír nó vice versa, ní bheidh feidhm ag an gceadúnas seo maidir leis an gcuid sin den turas a dhéantar sa Bhallstát den Aontas ina ndéantar luchtú nó díluchtú nó in Andóra.
4. Tá an cheadúnas seo pearsanta agus neamh-inaistrithe.

5. Féadfaidh údarás inniúil Andóra an ceadúnas seo a tharraingt siar, go háirithe sna cásanna seo a leanas sa chás:

- (a) nach sásaíonn an t-iompróir na coinníollacha arna leagan síos in Airteagal 3(1) de Rialachán (CE) Uimh 1073/2009; arna oiriúnú chun críocha an Chomhaontaithe lena mbunaítear comhlachas idir an tAontas Eorpach agus Prionsacht Andóra agus Poblacht San Mairíne faoi seach.
- (b) go gcuireann an t-iompróir faisnéis mhíchruinn ar fáil maidir leis na sonraí a éilíodh chun an ceadúnas a eisiúint nó a athnuachan;

(c)

(Tríú leathanach an cheadúnais)

- (c) go bhfuil sárú tromchúiseach nó sárúithe tromchúiseacha déanta aige ar reachtaíocht an Chomhphobail maidir le hiompar de bhóthar, arna hoiriúnú chun críocha an Chomhaontaithe lena mbunaítear comhlachas idir an tAontas Eorpach agus Prionsacht Andóra agus Poblacht San Mairíne faoi seach, in aon Bhallstát den Aontas nó in Andóra, go háirithe i dtaca leis na rialacha is infheidhme maidir le feithicilí, tréimhsí tiomána agus sosa tiománaithe agus soláthar, gan údarú, seirbhísí comhthreomhara nó sealadacha dá dtagraítear sa chúigiú fomhír d'Airteagal 5(1) de Rialachán (CE) Uimh 1073/2009 arna oiriúnú chun críocha an Chomhaontaithe. I gcás iompróra atá bunaithe in Andóra a rinne an sárú, féadfaidh údarás inniúla Andóra, inter alia, an ceadúnas a tharraingt siar nó tarraingt siar shealadach nó bhuan a dhéanamh ar chuid de na fíorchóipeanna deimhnithe den cheadúnas nó orthu go léir.

Cinnfear na pionóis sin i gcomhréir le tromchúis an tsárúithe a rinne sealbhóir an cheadúnais agus i gcomhréir le líon iomlán na bhfíorchóipeanna deimhnithe atá ina sheilbh aige i ndáil lena sheirbhísí iompair idirnáisiúnta.

- 6. Ní mór don iompróir bunchóip an cheadúnais a choimeád. Ní mór cóip dhílis dheimhnithe den cheadúnas a bheith ar iompar san fheithicil a dhéanann oibríocht iompair idirnáisiúnta.
- 7. Ní mór an ceadúnas seo a chur ar fáil arna iarraidh ag aon oifigeach cigireachta údaraithe.
- 8. Ní mór don sealbhóir, ar chríoch gach Ballstáit den Aontas Eorpach nó ar chríoch Andóra, na dlíthe, na rialacháin agus na bearta riaracháin atá i bhfeidhm sa Bhallstát an Aontais sin nó in Andóra a chomhlíonadh, go háirithe maidir le hiompar agus trácht.
- 9. Ciallaíonn 'Seirbhísí tráthrialta' seirbhísí a dhéanann foráil d'iompar paisinéirí ag eatraimh shonraithe feadh bealaí sonraithe, paisinéirí a bhailiú agus a scaoileadh amach ag pointí stad atá réamhshocraithe, agus atá oscailte do chách, faoi réir áirithint éigeantach i gcás inarb iomchuí.

Coigeartú ar bith a dhéanfar ar dálaí oibríochta na seirbhíse, ní dhéanfaidh sé aon difear do chineál tráthrialta na seirbhíse.

Tá údarú ag teastáil le haghaidh seirbhísí tráthrialta.

Ciallaíonn 'seirbhísí tráthrialta speisialta' seirbhísí tráthrialta, cibé duine a eagraíonn iad, lena ndéantar foráil maidir le catagóirí sonraithe paisinéirí a iompar, agus lena n-eisiatar paisinéirí eile, ag eatraimh shainithe feadh bealaí sonraithe, paisinéirí a bhailiú agus a scaoileadh amach ag pointí stad réamhshocraithe.

Cuimseofar i seirbhísí tráthrialta speisialta:

- (a) iompar oibríthe idir an baile agus an obair;
- (b) iompar daltaí scoile agus mac léinn go dtí an institiúid oideachais agus ón institiúid chéanna.

Cé go bhféadfar seirbhís speisialta a athrú de réir riachtanais na n-úsáideoirí, ní dhéanfaidh sé sin difear dá haicmiú mar sheirbhís thráthrialta.

Ní gá údarú a fháil do sheirbhísí tráthrialta speisialta má tá siad cumhdaithe ag Conradh idir an t-eagraí agus an t-iompróir.

Tá údarú ag teastáil chun seirbhísí comhthreomhara nó sealadacha a eagrú, ar seirbhísí iad a dhéanann freastal ar an bpobal céanna mar sheirbhísí tráthrialta atá ann cheana.

Ciallaíonn 'seirbhísí ócáideacha' seirbhísí nach dtagann faoin sainmhíniú ar sheirbhísí tráthrialta, lena n-áirítear seirbhísí tráthrialta speisialta, agus arb é a bpríomhthréith go n-iompraíonn siad grúpaí a bhailítear ar thionscnamh custaiméara nó an iompróra féin. Beidh eagrúchán seirbhísí comhthreomhara nó sealadacha atá inchomparáide le seirbhísí tráthrialta atá ann cheana agus a dhéanann freastal ar an bpobal céanna faoi réir údarú i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos i gCaibidil III de Rialachán (CE) Uimh 1073/2009, arna oiriúnú chun críocha an Chomhaontaithe lena mbunaítear comhlachas idir an tAontas Eorpach agus Prionsacht Andóra agus Poblacht San Mairíne faoi seach. Ní scoirfidh na seirbhísí sin de bheith ina seirbhísí ócáideacha ar an aon fhoras amháin gur ag eatraimh áirithe a sholáthraítear iad.

Ní theastaíonn údarú le haghaidh seirbhísí ócáideacha.

Samhail d'fhoirm thurais atá coibhéiseach le samhail an Aontais Eorpaigh










ANDÓRA

FOIRM TURAIS — SAMHAIL Uimh..... de Leabhar Uimh.....

(Dath Pantoin 358 (gealghlas), nó chomh gar agus is féidir don dath sin, formáid DIN A4 páipéar neamhbhrataithe)

SEIRBHÍSÍ ÓCÁIDEACHA IDIRNÁISIÚNTA agus OIBRÍOCHTAÍ CABATÁISTE
I bhFOIRM SEIRBHÍSÍ ÓCÁIDEACHA

(Mas gá, is féidir gach mír a fhorlíonadh ar bhileog ar leith)

1	  Uimhir chlárúcháin an chóiste Áit, dáta agus síniú an iompróra					
2	  Iompróir agus, i gcás inarb iomchuí, fochonraitheoir iompair nó grúpa iompróirí	1. 2. 3.					
3	  Ainm an tiománaí / na dtiománaithe	1. 2. 3.					
4	An eagraíocht nó an duine atá freagrach as an tseirbhís ócáideach	1. 3. 2. 4.					
5	Cineál seirbhíse	<input type="checkbox"/> Seirbhís ócáideach idirnáisiúnta <input type="checkbox"/> Oibríocht cabatáiste i bhfoirm seirbhís ócáideach <input type="checkbox"/> Oibríochtaí cabatáiste i bhfoirm seirbhísí tráthrialta speisialta — ráiteas míosúil Mí Bliain					
6	Áit imeachta na seirbhíse: Tír: Ceann scríbe na seirbhíse: Tír:						
7	Turas	Bealach / Céimeanna laethúla agus/nó pointí bailithe nó scaoilte amach paisinéirí				Km pleanáilte	
	Dátaí	ón	go dtí an	an líon paisinéirí	folamh (marcáil le X)		
							
8	Pointí nasctha, más ann dóibh, le hiompróir eile sa ghrúpa céanna	An líon paisinéirí a scaoileadh amach	Ceann scríbe deiridh na bpaisinéirí a scaoileadh amach		Iompróir ag bailiú na bpaisinéirí		
9	Aistír áitiúla						
	Dáta	Km pleanáilte	Áit imeachta	Áit an turais	Líon na bpaisinéirí		
						
10	Athruithe gan choinne						

Foscibhinn 3

Leathanach clúdaigh

(Formáid DIN A4 páipéar neamhbhrataithe 100 g/m² nó níos mó)

Téacs i dteanga oifigiúil Andóra

(AD) Andóra

Údarás Inniúil

Leabhar Uimh

d'fhoirmeacha turais:

- (a) i gcás seirbhísí ócáideacha idirnáisiúnta de chóiste agus de bhus idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh agus Andóra, arna n-eisiúint ar bhonn Rialachán (CE) Uimh 1073/2009 arna n-oiriúnú chun críocha ;an Chomhaontaithe lena mbunaítear comhlachas idir an tAontas Eorpach agus Prionsacht Andóra agus Poblacht San Mairíne faoi seach;
- (b) i gcás oibríochtaí cabatáiste i bhfoirm seirbhísí ócáideacha a dhéantar i mBallstát nó in Andóra arna ndéanamh ag iompróir nach bhfuil bunaithe sa Bhallstát lena mbaineann nó in Andóra, arna -eisiúint ar bhonn Rialachán (CE) Uimh 1073/2009, arna n-oiriúnú chun críocha ;an Chomhaontaithe lena mbunaítear comhlachas idir an tAontas Eorpach agus Prionsacht Andóra agus Poblacht San Mairíne faoi seach;

chuig:

(Sloinne agus céadainm nó trádainm an iompróra)

.....

.....

(Seoladh iomlán, uimhir theileafóin agus uimhir facs)

.....

(An áit agus an dáta eisiúna)

.....

(Sínú agus stampa an údaráis eisiúna nó na gníomhaireachta)

FÓGRA TÁBHACHTACH

A. FORÁLACHA GINEARÁLTA

1. In Airteagal 12(1), sa dara mír d'Airteagal 5(3) agus in Airteagal 17(1) de Rialachán (CE) Uimh 1073/2009, arna oiriúnú chun críocha an Chomhaontaithe lena mbunaítear comhlachas idir an tAontas Eorpach agus Prionsacht Andóra agus Poblacht San Mairíne faoi seach, luaitear go gcuirfear seirbhísí ócáideacha i gcrích faoi chumhdach doiciméid rialaithe (foirm thurais scoite ó leabhar na bhfoirmeacha turais arna n-eisiúint chuig iompróir).
 2. In Airteagal 2, pointe 4 de Rialachán (CE) Uimh 1073/2009, mar a cuireadh in oiriúint chun críocha an Chomhaontaithe lena mbunaítear comhlachas idir an tAontas Eorpach agus Prionsacht Andóra agus Poblacht San Mairíne faoi seach, sainmhínítear seirbhísí ócáideacha mar sheirbhísí 'nach dtagann faoin sainmhíniú ar sheirbhísí tráthrialta, lena n-áirítear seirbhísí tráthrialta speisialta, agus arb é a bpríomhthréith é go n-iompríonn siad grúpaí paisinéirí arna gcur le chéile ar thionscnamh custaiméara nó an iompróra féin'.
